

Gairmscoil na bPiarsach

Nuachtlitir



Nollaig 2014

Scoláirí **ATGO na hArdteiste** a d'eagraigh oíche Bingo i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh.



Linda Ní Chonghaile, Baile na hAbhann a bhuaigh an póta óir ag fáil €500 ó **Phatricia Uí Fhlaithearta**.



Club Bricfeasta & Sólaistí

Bíonn an club bricfeasta ar siúl gach maidin ag 8.20r.n. do na scoláirí a bhíonn ar scoil go móch ar maidin. Chomh maith leis sin bíonn tae ar fáil tar éis na scoile do na scoláirí a fhanann le haghaidh staidéar agus leis an mbus tráthnóna.

Sky Sports for Living

Tá an 4ú bliain le páirt a ghlacadh i dtogra a eagraíonn Sky Sports. Is tionscnamh é seo a úsáideann cumhacht na teilifíse, cruthaíocht agus spóirt chun daoine óga a spreagadh agus cúnamh a thabhairt dhóibh scileanna agus muintín a fhorbairt. Tíocfadh meantóir chuig an scoil le n-oibriú leis an ngrúpa chun cúnamh a thabhairt dhóibh tógra a roghnú agus a thosnú. Is é an dornalaí **Dermot Gascoyne** a bhéas ag tabhairt cuairt ar an scoil le comhairle a chur ar na scoláirí am éigin sa mbliain nua. Beidh sé ag caint leis na scoláirí chun scileanna a fhorbairt sa tógra a bhéas siad in ann a úsáid ina saol féin gach lá. Tá fianaise ann go nardaíonn an tógra féinmhuinín na scoláirí a ghlacann páirt sa tionscnamh agus tá na scoláirí ag súil go mór le cuairt an mheantóir.

Félim Ó Neachtain



3ú bliain OSSP ar cuairt ag MADRA

A scoilphobal,

Tá an Nollaig buailte linn agus táim cinnte go bhfuil sibh ar fad ag súil leis an t-saoire. Tá go leor curtha i gcrích ag scoláirí na scoile ó labhair mé libh go deirneach. Tréaslaim le scoláirí na h-Ardteiste agus a gcuid muinteoirí, **Anna, Briain agus Patricia** as ucht an oíche álainn bingó a d'eagraigh siad i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh le gairid. Bhaileadar, a mbuóchas do phobal na háite, ós cionn 3000 euro ar an oíche. Rachaidh an t-airgead seo i dtreo costais na hArdteiste don bhliain seo ina measc an turas scoile go Páras sa bhliain nua. Táim fíorbhuíoch chomh maith do thuismitheoirí an rang sin a thug spotdhuaiseanna agus eile isteach ar an oíche. Comhghairdeachas le **Linda Ní Chonghaile** a bhuaigh an pota óir de €500 ar an oíche.

Mar eolas do phobal na mbunscoileanna, beidh oíche oscailte againn sa nGairmscoil do scoláirí nua 2015 ar an **Déardaoin an dara lá déag de Feabhra, 20 ag a 7 i.n.** Beidh mé i dteagmháil leis na scoileanna go luath sa bhliain nua.

Déanaim comhghairdeachas chomh maith le **Áine Uí Ghríofa agus Ciarán Ó Conaire** a tháinig chun cinn sa bpróiseas ainmiúcháin mar bhaill tuismitheoirí ar Bhord Bainistíochta na scoile agus gabhaim míle buíochas le na tuismitheoirí eile a chur a gcuid ainmneacha chun cinn chomh maith.

Le linn mí na Samhna, d'úsáid muid an pháirc uileaimseartha den chéad uair i gCill Chiaráin. Is iontach an áis í agus tá creidiúnt mhór ag dul don choiste a thóg orthu féin an pháirc seo a thógáil. Cuirfidh an pháirc seo go mór le saol pobal na scoile sna blianta amach romhainn.

Mar fhocal scoir, tá muid i lár an phróiseas roghnúcháin maidir le tógálaí a chur in áit i gcóir an cheithre sheomra nua a bhéas le tógáil sa scoil go luath sa scoilbhliain. Tá muid píosa fada ag fanacht ach in oiread leis an bPáirc i gCill Chiaráin, déanfaidh sé an saol i bhfad níos compordaí agus níos fearr do scoláirí agus foireann na scoile.

Ar deireadh, guím Nollaig Shuaimhneach oraibh ar fad agus le chéile le cúnamh Dé, beidh bliain mhaith againn i nGairmscoil na bPiarsach i 2015.


Peadar Ó Loideáin (Príomhoide).



Seachtain na hEolaíochta

Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta thug **Sue Mc Grath** cuairt ar an scoil agus chuir sí trí Sheó Eolaíochta darbh ainm **“The Airmazing Rocket Show”** ar fáil do scoláirí na scoile agus do scoláirí óna bunscoileanna áitiúla chomh maith. Buíochas leis an **Galway Science and Technology Festival** as ucht an ócáid a mhaoiniú agus buíochas freisin le **Scoil Náisiúnta Bhriocáin** as ucht halla a chuir ar fáil dúinn.

Bridie Uí Chonámha



Cúrsa dífhribileoir

Chaith an **4ú bliain** lá ag déanamh cúrsa dífhribileoir faoi stiúir **Eilís Ní Chonaire** agus **Katrina Uí Cheallaigh**. Bhí siad an-sásta an deis a fháil na scileanna tábhachtach seo a fhoghlaim agus deis a fháil an dífhribileoir a úsáid. Tá muid an-bhuíoch do Eilís agus Katrina a tháinig isteach againn.

Martha Ní Chualáin



Gairmtreoir & Clár Gairme na hÁrdteiste

Oíche Bingo

Mar chuid den phlean fiontraíochta d'eagraigh an **Árdteist Oíche Bingo** chun airgead a bhailiú don scoil agus chun a gcuid scileanna eagrúchán a fheabhsú. Bhí oíche iontach againn agus ba mhaith liom míle buíochas a ghlacadh le gach duine a thug tacaíocht dúinn ar an oíche.

Siopa na Nollag

D'eagraigh an **ceathrú bliain** Siopa na Nollag arís i mbliana, bhí siad ag díol Crainte Nollag déanta as adhmaid, cístí difriúla, Píóga Míonra, Brioscaí Sinséir, Cartaí Nollag, Stocaí na Nollag, srl. Beidh siad ag dul amach ar thaithí oibre i mí Feabhra agus beidh muid ag réiteach le haghaidh sin tar éis briseadh na Nollag.

HEAR/DARE/CAO

Bhí oíche eolais do thuismitheoirí na hÁrdteiste ag tús na míosa. Bhí slua mór i láthair. Is córas é seo ina bhfuil scoláirí in ann fáil isteach ar chúrsaí 3ú leibhéal ar phointí níos ísle. Is fiú go mór iarratas a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann leis.

Patricia Uí Fhlaithearta.

Ríomhbheochán (*animation*)

Ar an 24ú agus 25ú Samhain, **thug Denise Mac Donnacha ó Ionad Scannáin na Gaillimhe** cuairt orainn i nGairmscoil na bPiarsach le ceardlann ríomhbheochán a dhéanamh linn. D'fhoghlaim muid conas ríomhbheochán a dhéanamh ar pháipéar agus conas cartún a chur le chéile. B'fhiú go mór an ceardlann a dhéanamh agus bhain muid an-taitneamh as.

Evelyn Ní Ghriallais & Lauren Ní Niadh



**Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc,
091-574100**

Ríomhphost: piarsach@gretb.ie

www.gairmscoilnabpiarsach.com

Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha

Trathnóna Scannáin ar son MADRA

Chuaigh an rang 3ú bliain OSSP in éindí leis an **bPríomhoide** agus **Martha Ní Chualáin** ar thuras go dtí **MADRA**, san áit ar thaispeáin **Tara Nic Dhiarmada** agus a comhleagaithe dhúinn an obair ar fad a dhéanann siad. Fuair muid deis na madraí a thabhairt ar shiúlóidí agus neart ceisteanna a chuir ar Tara. Shocraigh an rang trathnóna scannáin a eagrú sa scoil le haghaidh airgead a bhailiú dhóibh. Bhailigh an rang €142 don eagraíocht. Míle buíochas do gach duine a thug cúnamh ar an lá.

Martha Ní Chualáin.

